

# ❖ An Lúibín ❖

24 Iúil 2021

## **Foclóir Uí Chadhain: an saibhreas a cailleadh**

*Languages change, but few as much as Irish within living memory. The vocabulary and idioms gathered by writer Máirtín Ó Cadhain in Conamara for the publishing house An Gúm, mostly in the nineteen forties, show how much has been lost.*

Is iomaí focal agus leagan cainte a bhailigh an scríbhneoir Máirtín Ó Cadhain ina cheantar féin idir 1937 agus 1946 agus é ag obair faoi scéim de chuid An Gúm. Fuarthas breis agus milliún focal uaidh faoi bhun breis agus 1,000 ceannfocal, agus samplaí go leor ann mar léiriú ar na focail. Chuir foireann Fhoclóir Stairiúil na Gaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann an bailiúchán ar fáil ar líne i mbliana, agus is mór an áis é ag múinteoirí, taighdeoirí agus pobal na Gaeilge. Gaeilge fhíor-nádúrtha fhíorshaibhir nach bhfuil a leithéid anois ann.

Cuirfear an t-ábhar le foclóir stairiúil na Gaeilge le linn na tréimhse c.1600-2000. (Tá tuilleadh eolais ar an tionscadal sin le fáil ag <https://www.ria.ie/research-projects/focloir-stairiuil-na-gaeilge>.)

Chun teacht ar an ábhar féin féach Foclóir Uí Chadhain: <https://focloiruichadhain.ria.ie>.

Samplaí:

**Caoldroim:** caol an droma nó an caoldroim: an áit chaol den droim os cionn na gcorróg. Is ceann de chúig chaoil na colainne é.

*Deir siad nach raibh aon bhean a chuir aghaidh le aer ariamh ba bhreátha na í, agus ina dhiaidh sin féin, thiocfadh a caoldroim thríd chró snáthaide*

*Sa gcaoldroim a airím é. Ní bheadh gair agam mé féin a lúbadh mar sin anois chor ar bith nach mbéarfadh an phian orm isteach faoin gcroí. Deir siad sin gur arraing é, ach measaim nach ea.*

**Daidhce/ daidhciúlacht:** meargántacht; stuaic; olc; mosán; domheanmna.

*Sin é a chuid daidhciúlachta. Bíonn sé sin mar a bheadh múille scaití. Do dhúshlán drannadh leis an uair sin. Má dhrannann, mo leabhar dhuit go mbeidh rud ar a shon agat.*

*D'imigh an diabhal ar a chuid daidhciúlachta. Bíonn sé laethantaí agus ní bheannódh sé sa mbóthar duit.*

*Laethantaí eile 'sé an fear is suáilcí a chas ariamh leat é. Léar (de réir) mar a bhuaileas an daol é, sin é an chaoi a bhfuil sé.*

**Mídhlisteanach:** mícheart, éagórach, míchuí, neamhdhlifear, mailíseach.

*Shíl siad mo chuid talúna a bhaint díom go mídhlisteanach. Dar fia rachadh leo freisin, murach chomh héasca agus a thapaigh mé an scéal. D'imreoidís sin ar Rí na Méaracán*

*Is mídhlisteanach an cheird atá uirthi, más mar sin atá sí. Is deacair di an t-ádh a bheith uirthi, ní dhá roinnt léithe é. Níl mailís ar bith, adeir siad, is mó ná mailís an mheáchain.*

**Seandall:** Seandall glic — ridire comhairleach nó cineál draoi sna seanscéalta.

*Is geall le seandall glic ansiúd sa gclúid é, ag ceartú. Ba bheag ab aite leis muise an oíche cheana go bhfaighteása locht ar bith ar a chuid cainte.*



## **Meath na hinscne i ngramadach Ghaeilge na Gaeltacht**

*A new report throws light on the rapid loss of gender markers in the Irish of the Gaeltacht – an unexpected development and one of great sociolinguistic interest.*

An-chuid suntais é, ó thaobh na sochtheangeolaíochta de, an meath atá ag teacht ar ghné den chlaochlú tosaigh na Gaeilge sa Ghaeltacht – marcóirí a úsáid chun inscne a léiriú. Tugadh léargas air sin i dtuarascáil a rinne Siobhán Nic Fhlannchadha agus Tina M. Hickey (2021): ‘Where Are the Goalposts? Generational Change in the Use of Grammatical Gender in Irish’ (<https://www.mdpi.com/2226-471X/6/1/33/htm>).

Tá daoine óga chun tosaigh sa scéal seo. Is mó a théann sainúsáid teanga i bhfeidhm ar pháistí i dteangacha mionlaigh ná i dteangacha forleathana. Tá teorainn leis an tsainúsáid sin i dteanga mhionlaigh toisc nach bhfuil an oiread sin cainteoirí ann ná an oiread sin réimsí úsáide.

Is dócha gurb éard a chuir dlús le meath na marcóirí iad a bheith chomh casta sin go dtógann sé tamall maith ort iad a fhoghlaim agus Béarla a bheith ag na cainteoirí óga go léir. Níl formhór na ndaoine fásta féin thar moladh beirte maidir le húsáid na marcóirí, cé go bhfuil cuid acu ar fheabhas; agus tá na páistí níos míchruinne fós, rud atá reasúnta coitianta beag beann ar a gcúlra.

Déantar aidiachtaí a shéimhiú fós (*bean bhreá*) ach is iad na daoine is sine is mó a dhéanann é. I gcoitinne, ní dhéanann daoine fásta go minic ná go cruinn é, agus is beag an t-ionadh mar sin gur ar éigean a dhéanann páistí é.

Ceist eile is ea an inscne ghramadúil. Daoine os cionn 56 bliain d’aois an t-aon dream amháin a bhfuil greim maith acu uirthi, agus tá daoine óga lag go leor. Cuirtear séimhiú i bhfeidhm réasúnta minic ar dhornán ainmfhocal baininsneach coitianta (e.g. *an fhuinneog*), ach níor léirigh daoine fásta ach 81% de chruinneas, agus bhí cruinneas na bpáistí i bhfad níos ísle. Ach níl an séimhiú ag meath ann féin: tá sé á úsáid ag daoine óga go fánach, seachránach, gan aird ar bheacht. Níl siad siúd ag fáil seilbh ar leagan den teanga a bhaineann úsáid de réir eagair as inscne ghramadúil. Tá eisceacht ann: baintear feidhm chruinn, tríd is tríd, as an aidiacht shealbhadh sa tríú pearsa ‘a’ agus seilbh fhirinsneach i gceist (*an buachaill agus a mhadra*).

Is cuid suntais é gur fearr an t-eolas atá Gaeilgeoirí óga ar an ngramadach fhoirmiúil: déanann siad í a fhoghlaim ar scoil de réir rialacha an Chaighdeáin, rud nach bhfuil chomh coitianta sin i scoileanna Gaeltachta.

Is iondúil go dtógann tuismitheoirí óga a gclann le Béarla sa Ghaeltacht agus dúirt cuid acu gur labhair siad Béarla leis na páistí ar son an dátheangachais. Níor thuig siad go dtiocfadh Béarla chun a gclainne ar aon nós agus gurb í an Ghaeilge an teanga is cóir a chothú. Aithnítear anois nach bhfuil an córas oideachais ag freastal mar is ceart ar dhaltá sa Ghaeltacht, ach ní dócha go réiteofar an scéal leis na hacmhainní atá ar fáil. Is maith an rud líofacht ach tá sé lán chomh tábhachtach léamh agus scríobh a shaothrú. Den fhoghlaim iad araon.

Ba chóir a fhiafraí anois céard iad na hathruithe atá in ndán do Ghaeilge na nGaeilgeoirí. D’fhéadfaí a rá go bhfuil athrú tagtha ar fhuaimneanna agus ar chomhréir na teanga, mar atá ráite ag an taighdeoir aitheanta Brian Ó Broin.<sup>1</sup>

Tríd is tríd, tá easpa cruinnis ar an bhfuaimniú le hais an fhuaimnithe thraidisiúnta. Más féidir le Gaeilgeoirí fuaim Ghaeilge a dhéanamh le foghraíocht Bhéarla, déanfaidh siad é, agus fágfaidh seo a rian ar ghramadach na teanga. Tá an mhoirfeolaíocht (inscne, tuisil, aimsir) ag athrú, cé go seasann an chomhréir fós. Is léir go bhfuil luaineacht ag baint leis an gGaeilge chathrach. Gaeilge na Gaeltachta ag titim as a chéile agus Gaeilge na cathrach ag dul i dtreo eile. Saol nua, teanga nua.



### **Gaeilge na hAlban sa bhaile agus i gcéin**

*As in Ireland, Scottish Gaelic is losing its traditional speakers and acquiring new ones: networks instead of communities. But this brings up the question of identity, personal and national. And the language has a history abroad, even in black America.*

The bickering over signposts is a proxy war; a symptom of something that will not be said outright. What’s at stake is the question of Scottish identity—what it means to be “Scottish” and to whom. *Cal Flyn*.

Féiniúlacht agus teanga – ceist dheacair atá ina cnámh spairne leis na céadta bliain. Sin mar atá an scéal in Éirinn faoi láthair, agus in Albain féin.

<sup>1</sup> ‘The Urban Irish Language Community’: <https://www.youtube.com/watch?v=2E-K9-GCJOk>; ‘Syntax & Lexicon: Urban and Gaeltacht Irish systematically analyzed & compared’: <https://www.youtube.com/watch?v=uRcUNef99sE>; ‘Schism fears for Gaeilgeoirí’: <https://www.irishtimes.com/life-and-style/people/schism-fears-for-gaeilgeoir%C3%AD-1.1269494>

Seo ceist a rinne an t-iriseoir Cal Flynn scrúdú uirthi agus í ar na daoine úd ar tháinig suim acu sa teanga. Thug sí cuairt ar an Astráil, rud a lig di comparáid a dhéanamh le bás na mBundúchasach. Rinneadh an-dochar do na teangacha traidisiúnta ann, ach tá glúin nua ann agus fonn orthu athbheochan a chur ar bun. Thug Flynn faoi deara go n-aithnítear anois go bhfuil baint ag cláir chultúrtha le leis an tsláinte; baineann féiniúlacht chultúrtha le fiúntas an duine agus le teacht aniar intinne agus coirp. In Gippisland, ceantar in oirdheisceart na tíre, bhuaill Flynn le Doris Paton, seanóir de na Gunaikurnai a bhí ag múineadh theanga a muintire: ceanglaíonn do theanga le do thír thú. Chuir sin Flynn ag déanamh machnamh ar a dearcadh féin ar an nGàidhlig. Is deacair taobh tíre a léamh mura bhfuil teanga na tíre sin agat. Tá íoróin ag roinnt leis an scéal (i ngan fhios do Flynn, b'fheidir) sa mhéid gur lonnaitheoirí as Inse Ghall a rinne sléacht ar Bhundúchasaigh Gippisland sa 19ú haois.

Tá tábhacht lena ndearna Parlaimint na hAlban chun gnáthstádas a thabhairt don teanga. Thosaigh sin le Acht na Gàidhlig (Alba) 2005, Acht a ritheadh le tacaíocht gach taoibh. Thug sé údarás do chainteoirí Gaeilge agus iad ag cur na teanga chun cinn, ach níor chruthaigh sé cearta agus níor chuir sé iallach ar údaráis reachtúla an teanga a úsáid.

Is léir go bhfuil an siombaileachas fite fuaite i gceist na Gaeilge. B'fheidir gur comhartha ar laige na féiniúlachta in Albain é gur gá an teanga a chur ar taispeántas mar rud atá dílis don Albain amháin, cé gur beag é líon na gcainteoirí.

Agus sin gan trácht ar cheist chasta na féiniúlachta i measc phobal na Gaeilge féin.

Gaeilgeoir gorm is ea Naomi Gessesse. As an Aetóip dá hathair agus as Leòdhas dá máthair, agus is dóigh léi go dtugann lucht na Gaeilge le fios gur d'aon chine amháin na Gaeil, rud a fhágann múchta ag an ngile iad. Dream aisteach acu na cainteoirí gorma. Cé is moite dá clann féin, níor bhuaill sí riamh ach le seisear nó seachtar Gaeilgeoirí gorma. Níl sí i gcoinne na gile inti féin ach is dóigh léi go gcaithfeadh cultúr na Gaeilge a chur in oiriúint do na hathruithe atá ag teacht ar an tír. Murach sin, ní bheidh sa chultúr ach rud a choinnítear i dtuaisce.

Gaeilgeoir gorm eile is ea Cassie Ezeji, ceoltóir ó Ghlaschú ar de shíolrach Éireannach agus Nigéarach í. Tá sé ráite aici nach samhláítear í leis an teanga: 'The fact that I am a fluent Gaelic speaker has often left confusion lingering in the air'. D'fhreastail sí ar scoil lán-Ghaeilge idir ceithre bliana agus seacht mbliana déag, ach tá sí fós ina duine gorm i measc na gile.

Tá sé áitithe go bhfuil sé in am ag saol na nGael in Albain glacadh le duine ar bith a bhfuil Gaeilge aige, beag beann ar a shinsir, a náisiúntacht, a chine nó rud ar bith eile. Tá stair fhada ag an saol úd in Albain, an chéad chultúr a thug grúpaí na tíre le chéile agus a fhéadann páirt a ghlacadh fós i saol na tíre. Déantar tagairt d'athbheochantóirí na Bascaise, dream a d'éiligh go mbeadh cead ag gach duine sa réigiún Bascach an teanga agus an dúchas a ghlacadh chucu, beag beann ar a gcúlra.

Níl ach timpeall 50,000 cainteoir Gaeilge in Albain agus tá a leath ina gcónaí in Inse Ghall – daoine meánaosta den chuid is mó. Déarfá nach sna hoileáin a bheidh rath ar an teanga feasta ach in áiteanna i bhfad i gcéin. In Éirinn tá neart na teanga le fáil thoir seachas thiar; in Albain tá úsáid na Gaeilge ag treisiú in sa hIsealchríoch, agus tá méadú ag teacht ar an líon daltaí tá ag fáil oideachais trí Ghaeilge ann – os cionn 4,000 faoi láthair. Tá sé ráite gur foghlaimoírí fásta (seachas páistí) is tábhachtaí in athbheochan láidir teanga agus gur ceart níos mó airde a thabhairt orthu. Is cinnte go bhfuil líonraí Gaeilge ar fud na tíre. Rinne tráchtair amháin gearán nach raibh meon idé-eolaíoch (rud atá ag teastáil go dian, dar leis) ag na tuismitheoirí a chuireann a gclann chun scoileanna lán-Ghaeilge; níl ann ach oideachas, dar leo, agus é á fháil trí Ghaeilge seachas trí Bhéarla. B'fheidir nach dona an rud an dearcadh praiticiúil sin agus cuid den ghnáthshaol á déanamh den teanga: ní shéantar, áfach, nach bhfuil faobhar agus fuinneamh ag baint leis an dearcadh idé-eolaíoch agus idéalaíoch.

Tá Bòrd na Gàidhlig ann agus é cosúil le Foras na Gaeilge in Éirinn. Díreach ar nós an Fhorais, cáinteair é. Mhaígh dhá acadóir a bhuaill suim acu sa scéal, an Dr Michael Foxley agus an tOllamh Bruce Robertson, nach gcoinneofar an dé sa Ghaeilge má leanann an Bòrd dá ghnó mar a rinne sé cheana. Fuair an Bòrd £5.2 milliún ón rialtas na hAlban in 2019 ach dúirt Audit Scotland (foras faire na státseirbhíse) go raibh an cheannaireacht lag agus an phleanáil foirne go dona agus nár léir céard a bhí ar siúl. D'fhág an víreas corónach a rian ar obair an Bhòird, agus dúirt an tOllamh Robertson nach mór dlúthbhaint a bheith ag an oideachas Gaeilge leis an téarnamh agus lámh a bheith san obair ag ollscoileanna, údaráis áitiúla, eagraíochtaí agus múinteoirí.

Rinne an víreas maith eile don teanga agus daoine ag iarraidh an t-am a mheilt. Tháinig borradh mór faoin líon daoine a bhain feidhm as an suíomh LearnGaelic (learngaelic.net) – timpeall 130,000. I Mí Eanáir 2020 thug Duolingo le fios gur chláraigh os cionn 127,000 duine don chúrsa nua Gaeilge. Ní sheasfaidh a bhformhór, ach tá scata ann a leanfaidh den obair.



D'insíodh an trumpadóir gorm Meiriceánach Dizzy Gillespie scéalta faoi sclábhaithe gorma a raibh Gaeilge na hAlban acu, scéalta a chuala sé ag a thuismitheoirí. Spreag seo ceoltóir gorm eile, Willie Ruff, athollamh ceoil ó Yale, chun taighde a dhéanamh. B'fhada suim ag Ruff sa chanadh a chuala sé i séipéil Bhaisteacha in Alabama agus é óg, an pobal ag athrá línte iomann i ndiaidh an tseanmóirí. Thug an taighde chun séipéil Phreispitéireacha é agus ansin chun séipéil in Oileán Leòdhais in Inse Ghall. Measann Ruff gur rug lonnaitheoirí ó Inse Ghall an canadh úd leo chun coilíneachtaí Mheiriceá.

Cuireadh Coilíneacht Earrghàidheal ar bun in Carolina Thuaidh in 1739 ag Abhainn Rinn na Scéine (Cape Fear).<sup>2</sup> Bhí 350 bean, fear agus páiste ó Earraghàidheal ann, Gaeilge acu agus maithe a gceantair ina gceannas. B'iad siúd a sholáthair an chuid is mó den airgead agus a fuair na codanna talún ba mhó. An Gobharnóir Gabriel Johnston, Albannach as na hÍsealchríocha a bhíodh ina ollamh in Ollscoil Chill Rímhinn, is túsce a mheall daoine as na Garbhchríocha chun na háite. Tháinig slua daoine eile as na Garbhchríocha sna 1760idí agus sna 1770idí – 20,000, b'fhéidir – agus tháinig roinnt ina dhiaidh sin. Bhí Gaeilge á húsáid acu sa bhaile agus sna séipéil, agus sa chéad chuid den 19ú haois bhí preas in Fayetteville a d'fhoilsigh leabhair Ghaeilge; díoladh i siopa áitiúil iad. Tháinig laghdú ar úsáid na Gaeilge i ndiaidh na 1860idí agus bhí an teanga beagnach marbh faoi lár an 20ú haois.

I ndaonáireamh 1790 in Carolina Thuaidh faighimid 150 Albannach i nGleann Uachtair Rinn na Scéine (ceantar Gaeilge) agus sclábhaithe gorma acu. Bhí cúpla céad sclábhaí timpeall Fayetteville féin. Ba chuid suntais é do thaistealaithe i gceantar Abhainn Rinn na Scéine go raibh Gaeilge á labhairt ag na sclábhaithe ann. Mar a tharla i gcás sclábhaithe eile i Meiriceá, chaill siad a gcuid teangacha féin agus fuair seilbh ar theanga na máistrí, ach d'fhág siad a rian féin ar an rud a fuair siad: gineadh dúchas nua measctha.

### Tagairtí

\*Cal Flynn, 'A' mairsinn beò: why I'm learning Scottish Gaelic. Its speakers number in the tens of thousands. There are no monolingual speakers left alive. So why learn Gaelic?' 19/6/2018: <https://www.prospectmagazine.co.uk/magazine/a-mairsinn-beo-why-im-learning-scottish-gaelic>

\*'Why I decided to become a Gael,' Air Cuan Dubh Drilseach, 6/7/2019: <https://drilseach.net/2019/07/06/why-i-decided-to-become-a-gael/>

\*'What does effective grassroots language activism actually look like?,' Air Cuan Dubh Drilseach, 29/6/2021: <https://drilseach.net/>

\*Naomi Gessesse, 'What it's like being black in the Scottish Gaelic community,' 6/8/2019: <https://gal-dem.com/what-its-like-being-a-person-of-colour-in-the-scottish-gaelic-community/>

\*Cassie Ezeji, 'Whose Gaelic is it anyway?' Identity and perception': <https://mapmagazine.co.uk/whose-gaelic-it-anyway-identity-and-perception-#36 MOUNTAIN GREEN - NOVEMBER 2015>

\*Gaelic under threat: critics scathing of agency tasked with language revival,' 22/6/2020:

<https://www.whfp.com/2020/06/22/gaelic-under-threat-critics-scathing-of-agency-tasked-with-language-revival/>

\*John-Paul Holden, 'Surge in online Gaelic learners during coronavirus lockdown,' 24/6/2020:

<https://www.heraldsotland.com/news/18537005.surge-online-gaelic-learners-coronavirus-lockdown/>

\*The Gaelic speaking slaves of 18th Century America. It was jazz trumpeter Dizzy Gillespie who inspired research into the Gaelic speaking black slaves of 18th Century America who spoke in the tongue of their Highland masters,' *The Scotsman*, 5/3/2018: <https://www.scotsman.com/arts-and-culture/gaelic-speaking-slaves-18th-century-america-559162>

\*<https://northcarolinahistory.org/encyclopedia/highland-scots/>



## An timpeallacht

### Ullmhú ag teastáil

*Bad news is plentiful when it comes to climate: disruption, and more disruption to come. The damage will be great, regardless of emission reduction. Preparation and planning are essential. Little has been done, but now is the time.*

B'fhéidir go mbeifeá chun taisteal a dhéanamh thar lear i lár na haoise seo (nuair a bheidh *An Lúibín* imithe ar shlí na fírinne). Ní dóichí scéal de ná gur taisteal fíorúil é, tú ag siúl tíortha digiteacha mar a bhí siad fadó nó mar ba chóir dóibh a bheith faoi láthair. Cén fáth, a deir tú, nach ndéanfá an turas in eitleán? An freagra gearr: athrú aeráide.

Tá sé socraithe anois gur ceart deireadh a chur le hastúcháin faoi 2050, rud is ionann is a rá nach méadódh téamh an domhain thar 1.5 céim. Ach fágann sin fadhb an aischothaithe agus baol ann go mbeidh ardú dhá chéim ar a laghad ann dá réir. Cuimhnimis ar na tinte móra i bhforaoisí an domhain (san Astráil, Meiriceá Thuaidh, an Amasóin agus áiteanna eile) agus ar astú na dé-ocsaíde carbóin as talamh sioctha na Sibéire. Tá an chuid is mó de théamh an domhain slogtha ag na haigéin ach ar éigean is féidir leo a thuilleadh a choinneáil i dtaise.

<sup>2</sup> Ba bheag nár briseadh long an Ridire Henry Grenville ann in 1585, rud ba chúis leis an scéin úd, más fíor. Gannett, Henry, *The Origin of Certain Place Names in the United States*, 1ch 124, U.S. Government Printing Office, 1905.

Seanscéal anois é, a déarfá (agus tuirse ort). Agus tá sé soiléir anois cén toradh a bheidh air. An fharraige ag ardú agus ag bá na n-ísleán, go háirithe i dtíortha ar nós na Bainglaidéise, agus na milliúin duine ag teitheadh roimh na tonnta. Aimsir bhriste luaineach agus anfaí nó tuillte á leanúint, daoine á marú nó ag éalú. Teas chomh mór sin i réigiúin áirithe nach féidir le daoine é a sheasamh: sa Mheánoirthear, i bhfo-ilchríoch na hIndia, in oirdheisceart na hÁise, i dtuaisceart na hAstráile. Má tá bogthaise ard agus teas mór ann le chéile (mar a bheidh i ndeisceart na hÁise), ní thig le daoine maireachtáil, mar ní thig leo allas a chur. Na sluaite teifeach ann, bonneagar ag cliseadh, teorainneacha á sárú, an domhan go léir suaite. An dúlra, ansin: speicis de gach cineál á ndíothú ar muir agus ar tír.

Anseo san Astráil tá an chuid is mó den phobal ina gcónaí feadh an chósta thoir, áit a bhfuil béal agus baol na farraige isteach ann. Tá a lán bonneagair ann nach furasta nó nach féidir a aistriú siar. Súnn bruachbhailte an teas isteach trí dhromchla dorcha na dtithe agus na sráideanna; déanann crainn áit a fhuarú, ach tá a lán tithe nua chomh mór sin nach féidir crainn a chur ag fás ina dtimpeall.

Beidh an dá rogha ann: *saive qui peut* nó dul i gcabhair ar an gcomharsa. Ní féidir leat cúnaimh a thabhairt do dhaoine eile mura bhfuil sé d'acmhainn agat é a dhéanamh. Na tíortha a thioctaidh slán (sa mhéid is féidir leo é sin a dhéanamh) beidh ullmhú fóna cuimsitheach déanta acu, ullmhú nach ndearna aon tír (fiú na dtíortha is saibhre) go dtí seo. Tá an bhéim go léir curtha ar an téamh a shrianú; ach fiú má dhéantar an srianú sin beidh orainn déileáil le drochthorthaí móra. Ní mór dúinn cuimhneamh anois ar conas é a dhéanamh. Ba chóir rannóg speisialta a bheith ann cheana i ngach tír agus cúraimí uirthi a bhaineann leis an saol atá ag teacht: fuinneamh, bonneagar, cúrsaí leighis, mearchabhair, cosaint ar theas agus ar thuilte. San Astráil bheimis ag cuimhneamh ar fhuinneamh gréine agus gaoithe, ar fhuinneamh a chaomhnú le hollcheallraí, ar uisce a choigilt, ar theacht roimh na tinte.

Stoirmeacha deannaigh, ithir ag tiontú ina gaineamh: tá deisceart Mhadagascar, oileán amach ó oirthear na hAfraice, ag fulaingt ceann de na triomaigh is measa a bhuaile é leis na blianta fada. Tá sé ag cur isteach isteach ar na mílte duine agus tá an gorta á leanúint: daoine ag ithe cactais, duilleog, lócaistí agus fiu leathair. Feirmeacha beaga is mó atá sa deisceart agus iad ag brath ar bháisteach – rud nár tháinig le tamall anuas. Is minic is cogadh nó míriar is cúis le gorta, ach síltear gurb é an t-athrú aeráide is cionsiocair lena bhfuil ag titim amach i Madagascar.

Tá ciseach á déanamh de phatrúin dhomhanda aimsire ag teochta arda, cé nach bhfuil eolas againn fós ar chastacht iomlán an scéil. Is minic nach féidir a bheith ag brath feasta ar bháisteach thráthúil. Mar sin atá an scéal san India agus i gcuid mhaith den Afraic, agus mar sin a bheidh an scéal i dtíortha eile. Tá gá le huisciú cliste, barraí gan tart, modhanna nua nua saothraithe; agus beidh áiteanna ann nach féidir an triomú a shárú.

Is é bun agus barr an scéil (agus is minic an méid seo ráite) gur ag éalú orainn atá an tubaiste fós. Níl rialtais sásta a admháil go bhfuil práinn le réiteach, agus, déanta na fírinne, bheadh rúndaingne ar leith ag teastáil chun dul i mbun gnímh mar is gá. Tá gníomhaithe ann agus fíoch an fháidh orthu; tá daoine eile ann agus ní háil leo scéal chailleach an uafáis a dhéanamh de. Ach tá an fhianaise ann, faraor, agus sinne an cat mara a tharraing an drochscéal. Caillfear an t-uafás rudaí is fearr linn a choinneáil; caithfear a mhór a dhéanamh dá bhfuil fágtha.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Dánta

*Dánta le Julie Breathnach-Banwait, file a tógadh i gCeantar na nOileán i gConamara agus atá ina cónaí anois san Astráil Thiar. D'fhoilsigh Coiscéim Dánta Póca in 2020. Scriobhann sí ina gcanúint féin.*

### Bean an dá thaobh

Ba cheol í, réalt trí thine,  
sioscarnach sa chiúnas,

is rinne a cosa damhsa ina n-aonar  
is cheangail sí é leis an saol mór,

á tharraingt léi ó áit go háit , a torann  
á choinnéail beo is á bhodhrú le gleo is greadadh.

Í fuadrach, fiosrach, fiáin, bradach  
ach nach raibh cluas ná súil aige.

'Níor stop a béal' a déarfadh Mam,  
leathgháire á magadh is á moladh

strainc á spreagadh is á spochadh  
gur ardaigh sí léi é,

é siúd gan cluas ná súil  
is gur thairg sí an domhan dó.

Is chuir sí iallach air cloisteáil  
is feiceáil.

### **Baile**

Beacha, madraí ag glamaíl is dorchadas dubh na hóiche  
Ionsaí na báistí taise mar phluid fágtha ar na hiothlainneacha aibí fiáine.  
Meáchan na ndeor ag réabadh na fuinneoige.

Púir na feamainne lofa i do pholláirí.  
Feileastram, láib, cromptáin chúnga.  
Baile.

*Dánta le Colin Ryan (Melbourne). D'fhoilsigh Coiscéim Corraí na Nathrach in 2017.*

### **Eachtrannaigh**

Chonacthas iad i lár na cathrach  
eachtrannaigh a dhúisigh  
lá éigin in áit aineoil

ag siúl na sráideanna  
ar lorg uimhir a lóistín  
ag teacht ar fhothrach

ag diúltú dul ag déircínteacht  
le teann mórtais  
agus madraí gan mháistir  
á leanúint le heagla  
is dóchas

### **Éan**

Tháinig an teachtaire  
ar maidin  
agus d'fhág an t-éan  
inár seomra  
éan a labhair linn

i dteanga rúnda  
agus a d'éalaih uainn  
trí bhearna an tráthnóna